Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13991/18**

**CFSP/PESC 1021**
**DEVGEN 186**
**CLIMA 203**
**COPS 417**
**ENV 729**
**ONU 96**
**RELEX 942**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Dobharthaidhleoireacht - Conclúidí ón gComhairle (19 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an dobharthaidhleoireacht, mar a glacadh iad ag an 3628ú cruinniú de chuid na Comhairle an 19 Samhain 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN DOBHARTHAIDHLEOIREACHT**

Ghlac AN CHOMHAIRLE na conclúidí seo a leanas:

**RÉAMHRÁ**

1. Ní beo don duine ná ní ann dá dhínit ceal uisce. Is é is bun agus barr don teacht aniar atá i ngach sochaí agus sa chomhshaol freisin. I dtaca le cothú agus folláine an duine, is den riachtanas é; i dtaca le bainistiú éiceachóras, leis an talmhaíocht, le cúrsaí fuinnimh, agus le slándáil fhoriomlán na cruinne, níl déanamh á uireasa. Tá daonra an domhain ag ardú agus níos mó agus níos mó d'iarmhairtí an athraithe aeráide le feiceáil ó lá go lá, rud a fhágann gur croí-dhúshláin dhomhanda de chuid na haoise seo an t-uisce slán agus an tsláintíocht, bainistiú inbhuanaithe an uisce, cosc na dobharghainne, agus laghdú na dteagmhas a bhaineann le tuilte. Ó tharla go dtéann formhór na n-acmhainní fíoruisce domhanda thar teorainn isteach nó thar teorainn amach, is saincheist idirnáisiúnta – ar an leibhéal fo-náisiúnta, déthaobhach, réigiúnach nó iltaobhach – bainistiú inbhuanaithe éifeachtach a dhéanamh orthu.

2. Tá cainníocht agus cáilíocht na n-acmhainní uisce agus éiceachóras ar fud na cruinne ag donú, agus baol na dobharghainne ag leathadh; fágann sin go bhfuil ag méadú ar an teannas agus ar na coinbhleachtaí a ghabhann le teacht ar uisce agus úsáid an uisce, lena n-áirítear na hiarmhairtí trasteorann a eascraíonn as coinbhleachtaí intíre. B'fhurasta don dobharghainne cur as don tsíocháin agus don tslándáil. Is iomaí tromchostas daonna agus eacnamaíoch a eascraíonn as na rioscaí a ghabhann le cúrsaí uisce. Tig le gach ceann acu sin a lorg féin a fhágáil ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear sreabha imirce.

3. Ós amhlaidh atá, is tábhachtaí anois ná riamh an comhar, ar gach leibhéal, i gcúrsaí uisce. I gcomhréir le Straitéis Dhomhanda an Aontais, leis an tuarascáil ón bPainéal Ardleibhéil maidir le hUisce, agus leis an tuarascáil ón bPainéal Ardleibhéil Domhanda maidir le hUisce agus Síocháin, ní mór díograis pholaitiúil ardleibhéil a bheith ann má táthar leis an mbaol coinbhleachta a bhaineann le huiscí comhroinnte a chosc agus a mhaolú agus an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chur chun cinn.

4. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sin de chuid an athraithe aeráide a bhaineann le cúrsaí uisce, lena n-áirítear sin a dhéanamh trí shineirgí a bhunú idir an dobharthaidhleoireacht agus an taidhleoireacht aeráide, mar a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide an 26 Feabhra 2018.

**CÚRSAÍ UISCE AGUS SLÁNDÁLA, AN CHOBHSAÍOCHT, AGUS COSC COINBHLEACHTA**

5. Tá socraithe ag an gComhairle díograis taidhleoireachta an Aontais a fheabhsú i dtaca le cúrsaí uisce d'fhonn go bhfeidhmeoidh sí mar uirlis ar son na síochána, na slándála, agus na cobhsaíochta. Ní mór é a bheith mar aidhm ag dobharthaidhleoireacht an Aontais éascú a dhéanamh ar chosc, ar shrianadh, agus ar réiteach coinbhleachta, ar bhainistiú inbhuanaithe comhtháite na n-acmhainní uisce ó fhoinse go farraige, agus ar chothú na hathléimneachta i gcoinne iarmhairtí an athraithe aeráide ar chúrsaí uisce. Ní mór adhastar a chur ar an gcomhar maidir le cúrsaí uisce d'fhonn an comhtháthú réigiúnach a chur chun cinn, agus chun aghaidh a thabhairt ar an éagobhsaíocht pholaitiúil.

6. Is mian leis an Aontas Eorpach úsáid an uisce mar arm cogaidh a cháineadh gan frapa gan taca: ós amhlaidh atá, ba shárú ar an dlí idirnáisiúnta dobhar-infreastruchtúir a scriosadh, uisce a thruailliú, nó sruth an uisce a chur ar mhalairt slí ar mhaithe leis an rochtain ar an uisce sin a theorannú nó a chosc.

7. Is fada an comhar á dhéanamh ag an Aontas i gcúrsaí uisce agus toradh dearfach an chomhair sin le feiceáil dá réir. Saothróidh an tAontas tionscnaimh ar mhaithe leis an taithí agus eolas sin a roinnt le tíortha comhpháirtíochta an Aontais, go háirithe nuair is leochaileach don chás.

8. I gcuid mhór den Mheánoirthear agus den Afraic Thuaidh, tá géarchéim an uisce ag méadú léi i gcónaí i ngeall ar an gcumasc seo a leanas: síorthréimhsí triomachta arís agus arís eile, an dobharghainne, droch-cháilíocht an uisce, coinbhleacht armtha, an t-easáitiú éigeantach, dobhar-rialachas nach maith, agus lagfheidhmiú institiúideach. In áiteanna eile, ar nós imchuach Loch Shead nó Muir Aral, tá diúgadh scanrúil tagtha ar na foinsí uisce; tá sé á thuar go dtiocfaidh níos mó den bhrú ar na foinsí sin i ngeall ar an úsáid neamh-inbhuanaithe atáthar a bhaint astu nó i ngeall ar iarmhairtí an athraithe aeráide. Nuair a thógtar dambaí móra ar aibhneacha idirnáisiúnta, tig leis sin a theannas féin a fhágáil i measc na stát sin atá suite ar bhruach na habhann agus sna limistéir máguaird. Tá an tAontas Eorpach ar tinneall chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, arna iarraidh sin do na páirtithe ar fad.

9. Iarrtar ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún, agus ar Bhallstáit an Aontais, a áirithiú go gcuirtear san áireamh sna córas luathrabhaidh cosctha coinbhleachta na dúshláin slándála a bhaineann le cúrsaí uisce, agus an nasc idir luathrabhadh agus luathghníomhaíocht a neartú i ngach réimse beartais.

10. Moltar freisin don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de chúnamh a chur ar fáil ionas go mbeidh fáil ar uisce agus ar shláintíocht, lena n-áirítear i gcás géarchéim dhaonnúil, d'fhonn na cumais ullmhachta agus choisc a mhéadú ar mhaithe le beatha daoine a tharrtháil, slite beatha agus dálaí maireachtála daoine a fheabhsú, agus cur lena dteacht aniar siúd a leagann coinbhleacht nó tubaiste a lámh orthu.

**<u>AN COMHAR UISCE TRASTEORANN, INSTITIÚIDÍ AGUS RIALACHAS</u>**

11. Ar cheann de chroí-chuspóirí na dobharthaidhleoireachta ag an Aontas Eorpach, tá luí isteach go fadtéarmach ar chur chuige comhoibríoch a chothú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin trasteorann a bhaineann le cúrsaí uisce. Tá an tAontas ar tinneall chun comhar a dhéanamh le dreamanna eile ar mhaithe le bainistiú comhoibríoch inbhuanaithe an uisce a chur chun cinn, agus chun an comhar réigiúnach agus idirnáisiúnta a spreagadh agus a neartú. Is samplaí maithe dá leithéid an comhar atá ar siúl cheana féin in imchuach na Meánmhara agus i Meiriceá Laidineach. Molann an tAontas do gach páirtí agus do na geallsealbhóirí ábhartha socruithe trasteorann a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear institiúidí agus coimisiúin atá tiomanta don chúis sin, agus a n-éifeachtacht a uasmhéadú ar gach leibhéal d'fhonn an teannas polaitiúil agus eacnamaíoch a sheachaint i measc na stát ábhartha agus laistigh díobh. Bíonn ról lárnach ag an rialachas, ag an acmhainn oiriúnaitheachta, agus ag na creata institiúideacha i gcosc na dteannas sóisialta agus na gcoinbhleachtaí. Is den ríthábhacht an comhar maidir le acmhainní uisce comhroinnte chun gur féidir an bhuansíocháin agus an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

12. Má táthar le socruithe agus comhaontuithe éifeachtacha trasteorann a bheith ann – go domhanda, go réigiúnach, nó go hiltaobhach, is cuma – ní mór tiomantas agus rannpháirtíocht a bheith le fáil ó gach bruachstát agus ó gach stát atá suite lastuas de shrúill an tsrutha. Tá an tAontas ar tinneall freisin chun tacú leis an idirphlé cuiditheach, i measc na bpáirtithe ábhartha, a bhaineann le mórthograí infreastruchtúir a bhfuil iarmhairtí trasteorann ag dul leo ó thaobh chainníocht nó cháilíocht an uisce. Is mian leis an Aontas a athdhearbhú nach mór na caighdeáin idirnáisiúnta chomhshaoil agus na caighdeáin sábháilteachta núicléacha a shásamh ina n-iomláine agus, san am céanna, tograí a fhorbairt sna tíortha comharsanachta sin de chuid an Aontais a bhfuil tionchar acu ar acmhainní uisce trasteorann. Is díol sásaimh don Aontas an plé cuiditheach a rinneadh maidir le cúrsaí uisce agus fuinnimh san Áise Láir, agus na chéad chomhaontuithe a d'eascair as, mar aon le hArdán an Aontais agus na hÁise Láir don Chomhshaol agus don Chomhar Uisce.

13. Leanfaidh an tAontas den aontachas agus den chur chun feidhme a chur chun cinn i dtaca le comhaontuithe idirnáisiúnta i ndáil le dobharchomhar, go háirithe an Coinbhinsiún maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Uisce Heilsincí 1992) agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na nÚsáidí Neamh-Loingseoireachta de Shruthchúrsaí Idirnáisiúnta (Nua-Eabhrac 1997), mar aon le comhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta eile. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil cead isteach anois ag an domhan mór i gCoinbhinsiún Uisce Heilsincí i.e. ag tíortha atá lasmuigh den réigiún uile-Eorpach. Coinneoidh an tAontas air ag tógáil ar an bhfor-rochtain dhearfach a rinneadh in 2018 trí aontachas nua chuig an gCoinbhinsiún sin a chothú agus trí thacú lena leithéid.

14. Is de thiomantas an Aontais bainistiú comhtháite acmhainní uisce, agus dobhar-rialachas éifeachtach inbhuanaithe comhtháite a chur chun cinn. Is den riachtanas don chobhsaíocht fhadtéarmach an dobhar-rialachas treisithe ar gach leibhéal. Dlitear dó institiúidí iomchuí, sonraí iontaofa, fothú acmhainní, múscailt feasachta, agus maoiniú. Is ceart go dtiocfadh den dobhar-rialachas sin cothú an dobharbhainistithe inbhuanaithe láidir chlíoma-athléimnigh agus marana ar na hidirnaisc atá ann idir an t-uisce, an fuinneamh, an tslándáil bia, agus éiceachórais. Chuige sin, déanfaidh an tAontas tuilleadh díograise le hinstitiúidí agus eagraíochtaí réigiúnacha, leis na húdaráis náisiúnta agus áitiúla, le pobail, agus leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear leas a bhaint as dea-chleachtas agus tionscnaimh arb ann dóibh cheana féin, lena n-áirítear ó ionaid idirnáisiúnta a fhaigheann cómhaoiniú ón Aontas.

**NEACH NÍ FHÁGFAR AR LÁR - CÚRSAÍ UISCE AR CHLÁR OIBRE 2030, COMHAONTÚ PHÁRAS MAIDIR LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE: AG SAOTHRÚ GO hILTAOBHACH**

15. Leagtar béim, ní hé amháin i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ach i gComhaontú Pháras freisin ar an ról trasearnála a bhíonn ag an uisce agus ar na hidirnaisc thábhachtacha a bhíonn aige le beartais go leor: an tslándáil, cearta an duine, an comhionannas inscne, an t-athrú aeráide, an tsláinte, an tslándáil bia, an fuinneamh, an loingseoireacht intíre, rialú an truaillithe, an bhithéagsúlacht, fairsingiú fásaigh, díghrádú talún agus an gá uileghabhálach atá le níos lú den fhás a bhíonn dian ar acmhainní. Ach adhastar a chur ar gach sineirgí agus líon na gcomhbhabhtálacha a uaslaghdú, éascófar cur chuige éifeachtach comhleanúnach an dá chlár oibre sin. Tacaíonn an tAontas leis an iarraidh a rinneadh i gCreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí go mbeadh níos mó den teacht aniar sna dobhar-infreastruchtúir nua agus reatha is ríthábhachtaí, agus lenar dúradh faoina thábhachtaí atá sé an fheasacht a mhúscailt agus ár dtuiscint a fheabhsú ar an mbaol tubaiste a ghabhann le cúrsaí uisce agus an lorg a fhágann a leithéid ar an tsochaí.

16. Tá an tAontas tiomanta do chearta an duine, agus don uisce sábháilte óil, agus don tsláintíocht – mar tháthchoda den cheart atá ag an uile dhuine chun caighdeán leordhóthanach maireachtála. Aithníonn an tAontas go bhfuil de cheart ag an uile dhuine – i ngeall ar cheart an duine uisce óil sábháilte a bheith le fáil aige – rochtain gan idirdhealú a bheith aige ar an uisce chun úsáide pearsanta agus chun úsáide tís, agus an t-uisce sin a bheith leordhóthanach, sábháilte, inghlactha, inrochtana go fisiciúil, inacmhainne. Aithníonn an tAontas freisin go bhfuil de cheart ag an uile dhuine – i ngeall ar cheart an duine chun sláintíochta – rochtain fhisiciúil inacmhainne gan idirdhealú a bheith le fáil aige ar shláintíocht i ngach réimse den saol, agus sin a bheith sábháilte, sláinteach, slán, inghlactha go sóisialta agus go cultúrtha, agus príobháideacht agus dínit a bheith ag gabháil léi. Áirítear sa ghealltanas sin go leanfaidh an tAontas de thacaíocht agus de chosaint a thabhairt dóibh siúd a chosnaíonn cearta an duine agus iad i ngleic le saincheisteanna comhshaoil.

17. Is mian leis an Aontas a dhearbhú arís go bhfuil sé lántiomanta do chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe. Is mian leis béim a leagan ar a riachtanaí atá an dul chun cinn i dtaca le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 ("Rochtain agus bainistiú inbhuanaithe ar uisce agus ar an tsláintíocht á áirithiú do gach duine") má táthar leis na SFInna eile a bhaint amach. Mar a tugadh chun suntais sa Tuarascáil Sintéise maidir le hUisce agus Sláintíocht (2018), ní leor ar baineadh amach go nuige seo; chuige sin, is é tiomantas an Aontais géarú ar a dhua trí bhíthin a chuid iarrachtaí i réimse an chomhair forbartha. Iarrann sé ar gach páirtí agus ar gach geallsealbhóir pé beart is gá a dhéanamh chun SFI 6 gona chuspóirí, mar aon leis na SFInna eile a bhaineann le cúrsaí uisce, a chur chun feidhme. Is ceart do gach geallsealbhóir lámh a bheith aige i bhfíorú na gcuspóirí um bainistiú comhtháite acmhainní uisce (IWRM), lena n-airítear ar an leibhéal trasteorann. Tá gá le táscairí agus sonraí uasdátaithe agus iontaofa, ní hamháin le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ach ar mhaithe leis an gcuntasacht agus leis an trédhearcacht freisin.

18. Bíonn ról ríthábhachtach ag mná, ag gearrchailí, agus ag an aos óg i dtaca leis an bhforbairt dhaonna, agus leis an bhfás cuimsitheach inbhuanaithe. Fágann ceal rochtana ar uisce agus ar shláintíocht – gona iarmhairtí fadréimseacha féin – a lorg sainiúil féin ar na mná, agus is minic a bhíonn orthu turais fhada, turais chontúirteacha ar uairibh, a thabhairt orthu féin ar lorg uisce nó chun saoráidí sláintíochta agus sláinteachais a úsáid. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé gné inscne a chomhtháthú sa dobharthaidhleoireacht.

19. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth go dtugann an Geilleagar Ciorclach rannchuidiú nach beag chun uisce a spáráil lena n-áirítear trína athúsáid, agus is mian leis an ról a bhíonn ag réitigh dhigiteacha, theicneolaíochtbhunaithe agus réitigh nach iad, go háirithe réitigh nádúrbhunaithe a chur i bhfios; molann sé don Choimisiún agus do na Ballstáit taighde agus comhpháirtíochtaí dobhar-nuálaíochta, ina mbeidh geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha páirteach, a mhaoiniú agus a dhreasú.

20. Tá nasc doshéanta ann idir an t-uisce agus an t-athrú aeráide. Is maith an deis a thugann Teachtaireachtaí Oiriúnúcháin de bhun Chomhaontú Pháras chun eolas a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí cur chun feidhme a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe comhtháite uisce i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus le Clár Oibre 2030. Ócáid thábhachtach a bheidh i gCruinniú Mullaigh Aeráide na Náisiún Aontaithe 2019 chun an fheasacht a mhúscailt faoin ngá atá le clíomaghníomhaíocht fheabhsaithe i dtaca le maolú agus oiriúnú.

21. Beidh lámh ag an Aontas gona Bhallstáit sna hiarrachtaí comhbheartaithe idirnáisiúnta a dhéanfar chun aghaidh chuimsitheach a thabhairt ar na gnéithe iolartha agus trasearnála a bhaineann le cúrsaí uisce. I dtaca leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas an t-idirphlé a rinneadh le deireanas i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus i bhfóraim eile nach í, nuair a nascadh cúrsaí uisce, aeráide, síochána agus slándála le chéile; molann sé do Bhallstáit an Aontais na saincheisteanna sin a áireamh anois agus feasta sna comhairliúcháin agus díospóireachtaí a dhéanfar sa Chomhairle Slándála agus i bhfóraim ábhartha eile. Tacaíonn an tAontas go tréan leis an obair ar an leibhéal iltaobhach, agus is díol sásaimh dó an Fóram Polaitiúil Ardleibhéil a reáchtálfar in 2019. Cuireann sé i bhfáth a thábhachtaí atá sé go gcomhordófaí go héifeachtach an obair a dhéanann na Náisiúin Aontaithe i gcúrsaí uisce agus sláintíochta – go háirithe trí bhíthin *UN Water* – chun gur fearrde an comhleanúnachas agus gur móide an t-eolas, agus chun idirphlé straitéiseach a éascú ar fud an chórais. Cuireann sé i bhfáth freisin an gá atá le cruinniú ardleibhéil de chuid na Náisiún Aontaithe ag a bpléifear cúrsaí uisce. Is díol sásaimh dó gur seoladh Deich mBliana an Uisce 2018-2028 de chuid na Náisiún Aontaithe de rannchuidiú chun dlús a chur faoin ascnamh is gá chun SFI 6, maille le cuspóirí dobhar-ábhartha eile de chuid Chlár Oibre 2030, a bhaint amach.

**<u>AS SEO GO GNÍOMHAÍOCHT FHEABHSAITHE</u>**

22. Is mian leis an Aontas a thiomantas leanúnach a dhearbhú arís maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a ghabhann le cúrsaí uisce ar fud na cruinne. I gcomhréir le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh agus an Comhdhearcadh nua maidir le Forbairt, aithníonn an tAontas go dteastaíonn bearta nithiúla má táthar le feabhas a chur ar bheartais fhónta uisce, agus má táthar le comhordú níos fearr a dhéanamh ar iarrachtaí, leasanna, agus straitéisí idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún, agus ar na Ballstáit leas a bhaint as gach uirlis dá bhfuil ann chun a áirithiú go dtugtar aghaidh – trí bhíthin dobharbheartais agus dobharghníomhaíochtaí comhtháite – ar raon iomlán na ndúshlán atá ann, idir pholaitiúil, shlándála, fhorbartha, dhaonnúil, agus chomhshaoil.

23. Molann an Chomhairle don Ardionadaí, don Choimisiún, agus do na Ballstáit pé aird is gá a thabhairt ar thábhacht an uisce agus na sláintíochta tráth a mbeidh clárú á dhéanamh ar an gcomhar airgeadais agus teicniúil a dhéanfar feasta le tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, agus infheistíocht ón earnáil phríobháideach agus comhpháirtíochtaí sa dobhar-infreastruchtúr agus sa bhfothú acmhainní a spreagadh d'fhonn bearnaí infheistíochta, nach féidir a chumhdach leis an maoiniú poiblí amháin, a líonadh.